**RABHADH**
**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar seo.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 6 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 11.30**

**Treoracha d'iarrthóirí:**

**Freagair GACH CEANN de na CÚIG Cheist laistigh**

- Ceist 1 *ar na leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Ceist 2 *ar na leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó (B)
- Ceist 3 *ar na leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)
- Ceist 4 *ar na leathanaigh 14 agus 15*
- Ceist 5 *ar leathanach 16*
  Déan deimhin de ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir.

**Don scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

## CEIST 1
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHNACHA** **(12 mharc)**

**Freagair <u>12</u> de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Is í an chathair is mó in Éirinn ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | Gaillimh | ☐ | (b) | Béal Feirste | ☐ | |
| (c) | Baile Átha Cliath | ✓ | (d) | Port Láirge | ☐ | (1) |

***1.*** Cé acu díobh seo a leanas **NACH** foinse phríomha í?

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | nuachtán ó aimsir na heachtra | ☐ | (b) | teastas breithe | ☐ | |
| (c) | leabhar a scríobhadh faoi eachtra | ☐ | (d) | dialann | ☐ | (1) |

***2.*** Oibríonn seandálaí go príomha ag:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | tomhas leibhéil uisce | ☐ | (b) | tochailt sa talamh | ☐ | |
| (c) | úsáid ríomhaire | ☐ | (d) | scríobh | ☐ | (1) |

***3.*** Is éard is crannóg ann ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | áit chónaithe | ☐ | (b) | láthair chreidimh | ☐ | |
| (c) | láthair adhlactha | ☐ | (d) | láthair chatha | ☐ | (1) |

***4.*** Is í an abhainn is faide in Éirinn ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | An tSionainn | ☐ | (b) | An Life | ☐ | |
| (c) | An Laoi | ☐ | (d) | An Bhearú | ☐ | (1) |

***5.*** Is é a thugtar ar ghluaiseacht daoine ó thír go tír ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | dílárú | ☐ | (b) | lonnaíocht | ☐ | |
| (c) | lárú | ☐ | (d) | imirce | ☐ | (1) |

***6.*** Is ionaid iad aerfoirt, stáisiúin traenach agus teirminéil farantóireachta:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | d'airgeadas | ☐ | (b) | d'iompar | ☐ | |
| (c) | do chaitheamh aimsire | ☐ | (d) | d'oideachas | ☐ | (1) |

*7.* Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis is í an tsiombail do stáisiún Gardaí ná:

(a) triantán dearg ☐ (b) carbhán ☐

(c) puball ☐ (d) réalta ghorm ☐ (1)

*8.* Is é a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le teocht an domhain a bheith ag ardú ná:

(a) dídeanaithe ☐ (b) an iarmhairt cheaptha teasa ☐

(c) an ró-iascaireacht ☐ (d) méid na bhfeirmeacha ☐ (1)



*9.* Taispeánann an pictiúr thuas an cineál foirgnimh a fhaightear go coitianta:

(a) in eastát tithíochta ☐ (b) in eastát tionsclaíochta ☐

(c) i bpáirc ☐ (d) ar fheirm ☐ (1)

*10.* Is é a chiallaíonn réabhlóid ná:

(a) athrú iomlán ☐ (b) cogadh ☐

(c) gorta ☐ (d) gealltanas ☐ (1)

*11.* Is é a thugtar ar thúr láidir atá tógtha laistigh de chaisleán ná:

(a) droichead tógála ☐ (b) móta ☐

(c) forbhallaí ☐ (d) daingean ☐ (1)

*12.* Cé acu de na tíortha seo a leanas **NACH** ball den Aontas Eorpach í?

(a) An Pholainn ☐ (b) An Fhrainc ☐

(c) An Iorua ☐ (d) An Laitvia ☐ (1)

*13.* Cé acu díobh seo a leanas nach acmhainn in-athnuaite í?

(a) an ghaoth ☐ (b) gás nádúrtha ☐

(c) cumhacht na gréine ☐ (d) cumhacht tonnta ☐ (1)

*14.* Cé acu de na tíortha seo a leanas **NACH** raibh páirteach sa Chéad ná sa Dara Cogadh Domhanda?

(a) An tSualainn ☐ (b) Na Stáit Aontaithe ☐

(c) An Bhreatain ☐ (d) An Ghearmáin ☐ (1)

## (B) MUINTIR AN tSEANSAOIL

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**

**(6 mharc)**

I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Saol agus trealamh saighdiúra

**NÓ**

(b) Tithe agus áiteanna cónaithe

**NÓ**

(c) Éadaí a chaith na daoine

**NÓ**

(d) Nósanna adhlactha agus sochraide

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé fúithi ná ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________


______________________________

______________________________

______________________________

______________________________(6)

**(C) TRUAILLIÚ** **(6 mharc)**




Taispeánann an chairt seo ó http://www.litter.ie comhdhéanamh an bhruscair ar shráideanna na hÉireann in 2012.
Féach ar an gcairt agus freagair na ceisteanna a leanann í.

***1.*** Tagann formhór an bhruscair ó ______________________________________________.

Is _____________________% den bhruscar atá ann. (2)

***2.*** Baineann 19.1% den bhruscar le bia. Tabhair sampla **AMHÁIN** de phíosa bruscair a bhaineann le bia.

______________________________________________________________________(2)

***3.*** Mol rud **AMHÁIN** a d'fhéadfadh soláthraithe bia (mar shampla, ionaid mhearbhia) a dhéanamh chun an méid bruscair a chruthaíonn a gcuid gnó a laghdú.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(2)

**[ Thall**

# CEIST 2

**24 marc**

**Freagair cuid (A) nó (B)**

**(A) PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS** **(24 marc)**

Léigh an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann é. Tagraíonn sé do Phlandáil Uladh.

**Coinníollacha do Ghealltóirí 1610**

**Beidh ar gach gealltóir a chinntiú go dtógfaidh a gcuid tionóntaí tithe dóibh féin agus dá dteaghlaigh. Níor chóir go mbeadh na tithe scaipthe ó chéile ach go mbeidís in éineacht in aice leis an bpríomhtheach nó an bábhún.**

**Is chun iad a choinneáil slán agus daingean atá sé seo á dhéanamh agus chomh maith leis sin chun sráidbhailte agus bailte móra a thógáil.**

**Caithfidh gach gealltóir an Mionn Ceannais a ghlacadh sula dtugtar cead dó a bheith ina ghealltóir.**

***1.*** Cá raibh ar na tionóntaí na tithe a thógáil?

(2)

***2.*** Déan cur síos ar an gcuma a bhí ar bhábhún.

(2)

***3.*** Dá mbeadh na tithe gar dá chéile, conas a chabhródh sé sin leis an mbaile nó an sráidbhaile a chosaint?

(2)

***4.*** Cé hiad na daoine a bheadh ag ionsaí tithe na ngealltóirí?

(2)

***5.*** Ainmnigh **DHÁ** cheann de chontaetha Chúige Uladh a plandáladh?

____________________ agus ____________________ (2)

***6.*** Ainmnigh contae **AMHÁIN** i gCúige Uladh **NÁR** plandáladh?

________________________________________ (2)

***7.*** Tabhair **DHÁ** chúis ar tharla Plandáil Uladh?

________________________________________ (4)

***8.***

> ***"Tá torthaí na bplandálacha agus an choilínithe le feiceáil go soiléir inár dtírdhreach agus inár gcultúr sa lá atá inniu ann."***

Scríobh faoin gcaoi ar féidir torthaí na bPlandálacha a fheiceáil in Éirinn sa lá atá inniu ann. Luaigh **CEITHRE** phointe ar a laghad. Is féidir leat na leideanna a úsáid más mian leat, ach ní gá duit sin a dhéanamh.
*(LEIDEANNA – teanga, creideamh, logainmneacha, dlíthe, cineál feirmeoireachta, etc.)*

________________________________________ (8)

**[ Thall**

**<u>NÓ</u>**

**(B) AN BHRASAÍL SAN FHICIÚ hAOIS** **(24 marc)**

***Creidiúint do Fhótagraf Chensiyuan, Wikipedia***




*1.* Tabhair **DHÁ** shampla de thosca **tarraingthe** a d'fhéadfadh daoine a spreagadh chun gluaiseacht chuig na cathracha sa Bhrasaíl.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________(4)

*2.* Tabhair **DHÁ** shampla de thosca **brú** a d'fhéadfadh daoine a spreagadh chun bogadh chuig na cathracha sa Bhrasaíl.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________(4)

*3.* Tabhair **TRÍ** shampla d'fhadhbanna a bhíonn ag mórán daoine a bhogann chuig na cathracha sa Bhrasaíl.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________(6)

**4.** **Tá mórán de na favelas sa Bhrasaíl á leagan go talamh roimh Chorn an Domhain a bheidh ar siúl in 2014. Seo múrealaín ó Favela Metro in Rio.**

**Is é an t-aistriúchán ar an scríbhneoireacht ná:**

**'Ár bpobal á scrios do Chorn an Domhain – míle buíochas a FIFA'**




*An fótagraf le caoinchead ó rioonwatch.org*

***(a)*** Tabhair cúis **AMHÁIN** a gceapann tú go bhfuil na favelas á nglanadh chun siúil roimh Chorn an Domhain.

(2)

***(b)*** Tabhair **DHÁ** chúis, i do thuairim féin, a bhfuil sé deacair ar dhaoine a chónaíonn sna favelas an glanadh chun siúil a throid.

(4)

***(c)*** Tá na daoine a rinne an múrealaín seo an-bhuartha faoi go bhfuil an favela seo acu féin á ghlanadh chun siúil. Tabhair **DHÁ** chúis a d'fhéadfadh a bheith ag daoine a chónaíonn sna favelas cur i gcoinne an ghlanta chun siúil.

(4)

**[Thall**

**CEIST 3**

**24 marc**

**Freagair cuid (A), agus ansin freagair cuid (B) nó (C)**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH** **(12 mharc)**


Léigh an sliocht seo a leanas agus scrúdaigh na pictiúir, ansin freagair na ceisteanna ar an leathanach thall.


Tá na monarchana i lár an bhaile. Is foirgnimh mhóra shalacha iad, le simléir arda ar a mbarr a scairdeann deatach agus súiche amach san aer. Timpeall orthu is féidir sraith i ndiaidh sraithe de thithe a fheiceáil brúite le chéile agus iad ar fad ag féachaint cosúil lena chéile. Tá a gcuid ballaí salach agus tá mórán de na fuinneoga briste.

Tá lánaí caola, nó clóis, ag deighilt na sraitheanna tithe óna chéile. Tá na lánaí seo brataithe le bruscar a bhfuil boladh bréan air.

Seomra amháin atá sna tithe ina gcónaíonn formhór na dteaghlach. Go deimhin, cónaíonn mórán teaghlach i siléir atá fuar agus tais. Nuair a bhíonn na teaghlaigh seo ag caint ar 'throscán', is leaba amháin, tocht tuí, bord agus b'fhéidir cúpla stól a bhíonn i gceist acu. Níl aon uisce reatha sna tithe seo. Déanann sconna amháin, atá taobh amuigh, freastal ar shráid iomlán. Castar air é ar feadh tamall gearr gach lá. Déantar an t-uisce seo a phumpáil as an abhainn áitiúil, atá salach mar go ndoirteann na monarchana a gcuid dramhaíola isteach san abhainn.







***1.*** Ón sliocht scríofa, roghnaigh **DHÁ** fhocal a dhéanann cur síos ar na monarchana.

______________________________ agus ____________________________________ (2)

***2.*** Tabhair **DHÁ** phíosa fianaise le cur síos a dhéanamh ar theach oibrí monarchan.

1. ______________________________________________________________________

2. ______________________________________________________________________ (2)

***3.*** Ón bhfianaise ar an leathanach thall, tabhair **DHÁ** chúis a raibh galair coitianta i mbailte móra tionsclaíocha.

1. ______________________________________________________________________

2. ______________________________________________________________________ (2)

**4.** Scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

Fostú páistí i mianach guail i dtús na Réabhlóide Tionsclaíche

**NÓ**

Fostú páistí i monarchana i dtús na Réabhlóide Tionsclaíche

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________(6)

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**



***1.*** Tá peireascóp trinse á úsáid ag saighdiúir amháin. Cad lena aghaidh é?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

***2.*** Is féidir málaí gainimh a fheiceáil ag barr an trinse. Cén fáth ar úsáid siad málaí gainimh?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

***3.*** Scríobh alt gearr ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Ná cúiseanna a bhí leis an gCéad Chogadh Domhanda **NÓ** (b) Suaitheadh catha.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(8)

**NÓ**

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**



**Le linn an Dara Cogadh Domhanda, bhí gá mórán eitleán a dheisiú nó a sheirbhísiú. Ba mhná iad cuid mhór de na píolótaí a d’eitil na heitleáin sin sa Bhreatain ó na ceardlanna deisiúcháin chuig bunáiteanna an RAF.**

**Taispeánann an fótagraf seo Diane Walker agus í ag dul ar bord Spitfire chun é a sheachadadh chuig bunáit de chuid an RAF.**

**Bhí ar na mná ar phíolóta iad a bheith ábalta mórán de chineálacha éagsúla eitleán a eitilt.**

***1.*** Cén fáth a raibh gá eitleáin a dheisiú?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

***2.*** Cén fáth a raibh ar na mná ar phíolótaí iad a bheith ábalta mórán de chineálacha éagsúla eitleán a eitilt?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

***3.*** Scríobh alt gearr faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Sluachampaí Géibhinn **NÓ** (b) Ciondáil.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (8)

**[ Thall**

# CEIST 4

**24 marc**

**EAGOTHROIME AN DOMHAIN – TEACHT AR IOMPAR** **(24 marc)**

**Léigh an t-eolas thíos agus scrúdaigh na fótagraif, ansin freagair na ceisteanna a leanann é.**

I dtíortha bochta, fiú nuair a bhíonn talamh réidh thart ar an sráidbhaile, is féidir le turais chuig margaidh agus ospidéil agus ionaid leighis a bheith fada. Ní bhíonn daoine bochta ábalta teacht ar chúram leighis nuair a bhíonn sé uathu. Ní féidir le feirmeoirí agus le táirgeoirí beaga a gcuid earraí a thabhairt chun an mhargaidh chun iad a dhíol.

Cé go mbíonn rothar ag duine amháin ar a laghad sa sráidbhaile, ní bealach éasca é an rothar chun duine tinn a iompar chuig an ospidéal, nó málaí glasraí a thabhairt chuig an margadh.



*Fótagraf: ILRI/Mann*



*Fótagraf ó practicalaction.org le caoinchead*

Tá saineolas ag grúpa ar a dtugtar Gníomh Phraiticiúil maidir le smaoineamh ar réitigh phraiticiúla ar fhadhbanna coitianta – réitigh atá éasca agus saor a chur i bhfeidhm.

D'oibrigh siad le daoine ón sráidbhaile chun leantóirí rothair a thógáil chun earraí a iompar chuig an margadh. Chabhraigh siad le fir sa sráidbhaile chun go mbeidís ábalta leantóir simplí a thógáil a d'fhéadfaí a cheangal le haon rothar.

D'oiriúnaigh na daoine áitiúla an dearadh chun go bhféadfadh sé feidhmiú mar otharcharr chomh maith. Chuir siad taobhanna ar an leantóir agus cúisíní ar an urlár. Chiallaigh sé sin go bhféadfadh baill den teaghlach taisteal chuig an ospidéal nó chuig an gclinic leis an duine a bhí tinn nó scanraithe.

Sábháladh beatha mórán daoine, nó feabhsaíodh go mór é leis an 'aireagán' simplí seo.



*Fótagraf ó practicalaction.org le caoinchead*

***1.*** Luaigh **CEITHRE** bhealach a bhféadfadh duine in Éirinn taisteal chuig an ospidéal dá mba ghá.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)

***2.*** Déan cur síos ar **DHÁ** fhadhb a bhíonn ag daoine i dtíortha bochta a gcuid táirgí a thabhairt chun an mhargaidh.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)

***3.*** D'fhéadfadh 'Gníomh Praiticiúil' na leantóirí seo a thabhairt do na daoine sa sráidbhaile go díreach. Tabhair **DHÁ** chúis a gceapann tú nach ndearna siad é sin.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________(4)

***4.*** Cén fáth a gceapann tú go ndéanfadh sé difríocht do dhuine tinn duine den teaghlach a bheith in éineacht leo?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)

"Tabhair iasc do dhuine agus beathóidh tú é ar feadh lá amháin.
Múin iascaireacht do dhuine agus beathóidh tú é ar feadh a shaoil."

***5***. Scríobh an méid a chiallaíonn an seanfhocal thuas, dar leat, maidir le cabhrú le tíortha bochta.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)

***6.*** Ainmnigh **DHÁ** eagraíocht Éireannach atá ag oibriú chun saol na ndaoine i dtíortha bochta a fheabhsú.

______________________________________________

______________________________________________ (4)

**[ Thall**

**CEIST 5**

**24 marc**

**Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh an léarscáil 1 : 50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an t-aerfótagraf a thagann leis an bpáipéar seo. Ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf baile Inis Córthaidh agus an ceantar ina thimpeall.

***1.*** Tabhair ainmneacha **DHÁ** abhainn a thaispeántar ar an léarscáil.

_______________ agus _______________ (2)

***2.*** Tabhair ainmneacha **DHÁ** bhóthar réigiúnach a thaispeántar ar an léarscáil.

_______________ agus _______________ (2)

***3.*** Is beann é Cnoc Brí (Bree Hill), suite ag S 935 330 atá _____________ méadar ar airde. (4)

***4.*** Ar an taobh ó dheas d'Inis Córthaidh, tá oileán san abhainn ar a dtugtar Oileán Cing (King's Island). Tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr d'Oileán Cing.

_______________ (4)

***5.*** Cad é an príomhchineál úsáid talún ag T 004 425?

_______________

_______________ (4)

***6.*** Bíonn plódú tráchta go minic in Inis Córthaidh, áit a dtrasnaítear an abhainn. Cén chúis atá leis sin, dar leat?

_______________

_______________

_______________

_______________ (4)

***7.*** Mol **DHÁ** bheart a d'fhéadfaí a dhéanamh chun na fadhbanna tráchta a laghdú in Inis Córthaidh.

_______________

_______________

_______________

_______________ (4)